



An Bhruiséil, 28 Lúnasa 2026
(OR. en)

12560/26

EF 231
ECOFIN 1106
DELECT 135

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Lúnasa 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 4973 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 16.7.2026 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na tosca atá le breithniú chun gnóthais atá faoi thionchar ceannasach nó tionchar suntasach agus gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe a shainaithint, agus na coinníollacha agus na critéir atá le húsáid chun a chinneadh cé hiad na gníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais árachais agus athárachais faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar atá ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4973 final.

Faoi iamh: C(2026) 4973 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2026
C(2026) 4973 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 16.7.2026

lena bhforlíontar Treoir (AE) 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na tosca atá le breithniú chun gnóthais atá faoi thionchar ceannasach nó tionchar suntasach agus gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe a shainaitheint, agus na coinníollacha agus na critéir atá le húsáid chun a chinneadh cé hiad na gníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais árachais agus athárachais faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar atá ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir (AE) 2025/2¹, lena leasaítear Treoir 2009/138/CE² ('an Treoir "Sócmhainneacht II)'), leathnaítear an chumhacht atá ag maoirseoirí gnóthais ar cuid de ghrúpa *de facto* iad a shainaithint. Anuas air sin, leis an Treoir ceanglaítear comhar feabhsaithe maoirseachta agus malartú feabhsaithe faisnéise idir na húdaráis bhaile agus óstacha i ndáil le gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann.

Le hAirteagal 212 den Treoir 'Sócmhainneacht II' arna leasú le Treoir (AE) 2025/2, éascaítear sainaithint gnóthas ar grúpa iad, go háirithe maidir le grúpaí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE³ agus maidir le grúpaí cothrománacha, nach bhfuil aon nasc caipitil acu nó a bhfuil nasc caipitil lag acu idir gnóthais, go háirithe i gcás ina gcoinnítear sealúchais faoi bhun na dtairseach chun go gcaithfear leo mar shealúchais cháilithe nó mar rannpháirtíocht cháilithe. Chun na críche sin, ba cheart d'údarais mhaoirseachta a shainaithint gur ann do ghrúpa ar bhonn na dtosca a liostaítear in Airteagal 212(4) den Treoir 'Sócmhainneacht II'. I gcomhréir le hAirteagal 212(5) den Treoir 'Sócmhainneacht II', sonraítear sa Rialachán seo na tosca atá ann cheana trí ghnéithe a leagan amach ar cheart d'údarais mhaoirseachta iad a mheas agus measúnú á dhéanamh ar na tosca a liostaítear in Airteagal 212(4).

Ina theannta sin, le Treoir (AE) 2025/2 tugtar isteach Airteagal 152aa sa Treoir 'Sócmhainneacht II', lena bhforáiltear go bhfuil gníomhaíochtaí trasteorann suntasach i gcás inar mó ná EUR 15 mhilliún an t-ioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn a eascraíonn as na gníomhaíochtaí a dhéanann an t-árachóir sa Bhallstát óstach, cibé acu atá sé faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, nó i gcás ina measann údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ábhartha do mhargadh an Bhallstáit óstaigh. Ar bhonn shainordú Airteagal 152aa(2) den Treoir 'Sócmhainneacht II', sonraítear sa Rialachán seo na coinníollacha agus na critéir chun an cinneadh 'ábharthachta' sin a dhéanamh.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne ÚEÁPC measúnú tionchair ina raibh anailís costais is tairbhe agus rinne sé comhairliúchán poiblí idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 2 Eanáir 2025 maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na tosca a bhreithneoidh na húdaráis mhaoirseachta chun gnóthais atá faoi thionchar ceannasach nó tionchar suntasach agus gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe a shainaithint. Reáchtáladh imeacht le páirtithe leasmhara an 27 Samhain 2024 chun an páipéar comhairliúcháin a phlé. Chuir 13 pháirtí leasmhara aiseolas ar fáil. Ar bhonn an aiseolais ó na páirtithe leasmhara, rinneadh ábhar na

¹ Treoir (AE) 2025/2 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, uirlisí macrastuamachta, rioscaí inbhuanaitheachta agus maoirseacht ghrúpa agus trasteorann, agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus 2013/34/AE (IO L, 2025/2, 8.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2/oj>).

² Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>).

³ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

ndréachtchaighdeán teicniúil rialála a bheachtú, gan an cur chuige ginearálta a leagtar amach sa pháipéar comhairliúcháin a athrú. Thairis sin, rinneadh athruithe eagarthóireachta chun feabhas a chur ar shoiléireacht dhlíthiúil na bhforálacha.

Rinne ÚEÁPC measúnú tionchair ina raibh anailís costais is tairbhe agus rinne sé comhairliúchán poiblí idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 2 Eanáir 2025 maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i ndáil le gnóthais árachais agus atharachais ábhartha i leith mhargadh an Bhallstáit óstaigh. Reáchtáladh imeacht le páirtithe leasmhara an 27 Samhain 2024 chun an páipéar comhairliúcháin a phlé. Chuir seacht bpáirtí leasmhara aiseolas ar fáil maidir leis an bpáipéar comhairliúcháin. Ar bhonn an aiseolais ó na páirtithe leasmhara, rinneadh ábhar na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála a bheachtú, gan an cur chuige ginearálta a leagtar amach sa pháipéar comhairliúcháin a athrú.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an Rialachán Tarmligthe seo de bhun Airteagail 212(5) agus 152aa(2) den Treoir ‘Sócmhainneacht II’, arna leasú le Treoir (AE) 2025/2.

Sonraítear ann na tosca nach mór d’údaráis mhaoirseachta a bhreithniú chun tionchar ceannasach nó tionchar suntasach duine nádúrtha nó gnóthais ar ghnóthas eile a shainaithint nó chun gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe a shainaithint. Tugtar tuairisc ann ar na ceithre thoisc atá liostaithe in Airteagal 212(4) den Treoir ‘Sócmhainneacht II’, mar atá, rialú nó cumas tionchar a imirt ar chinntí, spleáchas mór, cinntí comhordaithe airgeadais nó infheistíochta, straitéisí comhordaithe agus comhsheasmhacha lena leagtar síos gnéithe tacaíochta lena sonraítear na tosca sin. Ceanglaítear ar údaráis mhaoirseachta náisiúnta meastóireacht a dhéanamh ar thábhacht agus ar leanúnachas na ngnéithe tacaíochta sin ar bhonn cás ar chás, agus a gcinntí á mbunú ar chorpas fianaise seachas ar choinníollacha neamhspleácha.

Trí chritéir shoiléire maidir le sainaithint a sholáthar, cuirfidh an Rialachán seo cóineasú maoirseachta chun cinn agus tacóidh sé le maoirseacht ghrúpa éifeachtach agus éifeachtúil, agus ar an gcaoi sin cuirfear le cosaint na sealbhóirí polasaí agus leis an gcuspóir maidir leis an ualach a laghdú.

Ina theannta sin, ag gníomhú dóibh faoi shainordú Airteagal 152aa(2), sonraítear sa Rialachán seo na critéir agus na coinníollacha chun go mbeidh údaráis mhaoirseachta óstacha in ann a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíochtaí árachais trasteorann ábhartha do mhargadh an Bhallstáit óstaigh. Díríonn an creat dlíthiúil ar dhá phríomhghné: comhchruinniú gníomhaíochtaí agus a dtionchar ábhartha ar shealbhóirí polasaí agus ar chobhsaíocht airgeadais.

Trí fhachtóirí cáilíochtúla agus cainníochtúla a ionchorprú gan tairseacha seasta, áirithítear leis an Rialachán seo solúbthacht mhaoirseachta agus saineúlachtaí an mhargaidh náisiúnta á gcur san áireamh san am céanna. Áirítear ar na méadrachtaí sonracha sciar den mhargadh bunaithe ar ollphréimheanna i scríbhinn agus leibhéal na díobhála a d’fhéadfadh a bheith ann do thomhaltóirí.

Beidh an Rialachán seo ina thacú le maoirseacht éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí trasteorann, rud a cuirfidh le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus le cosaint sealbhóirí polasaí.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 16.7.2026

lena bhforlíontar Treoir (AE) 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na tosca atá le breithniú chun gnóthais atá faoi thionchar ceannasach nó tionchar suntasach agus gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe a shainaithint, agus na coinníollacha agus na critéir atá le húsáid chun a chinneadh cé hiad na gníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais árachais agus athárachais faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar atá ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II)⁴, agus go háirithe Airteagal 152aa (2), an tríú fomhír, agus Airteagal 212(5), an tríú fomhír di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás tionchar ceannasach nó tionchar suntasach, nó i gcás grúpaí cothrománacha nach bhfuil aon nasc caipitil acu idir gnóthais éagsúla, ba cheart do na maoirseoirí grúpa a bheith in ann a shainaithint gurb ann do ghrúpa, de réir critéir oibiachtúla, chun intuarthacht a áirithiú do rannpháirtithe sa mhargadh, agus sainiúlachtaí an ghrúpa á gcur san áireamh san am céanna.
- (2) Chun gnóthais atá faoi thionchar ceannasach nó tionchar suntasach agus gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe a shainaithint, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta tacar spriocdhírthe gnéithe a bhreithniú, chun na tosca éagsúla a leagtar amach in Airteagal 212(4) de Threoir 2009/138/CE a shonrú. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta na gnéithe sin uile a bhreithniú agus a measúnú á dhéanamh acu, agus sainiúlachtaí an ghrúpa á gcur san áireamh. Mar sin féin, ba cheart an fheidearthacht a bheith ag údaráis mhaoirseachta a mheas gur leor comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na gnéithe sin chun teacht ar an gconclúid go gcomhlíontar an toisc chomhfhreagrach a leagtar amach in Airteagal 212(4) de Threoir 2009/138/CE. Níor cheart d'údaráis mhaoirseachta na tosca sin a mheas ina n-aonar, agus ba cheart a chur san áireamh ina measúnú an cineál gnóthas lena mbaineann agus a struchtúr eagraíochtúil.
- (3) Chun gnóthais atá faoi thionchar ceannasach nó tionchar suntasach agus gnóthais a bhainistítear ar bhonn aontaithe a shainaithint, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta measúnú a dhéanamh ar chearta conarthacha a bheith ann. I gcás nach bhfuil aon cheart conarthach ann, nó i gcás nach leor na cearta conarthacha sin iontu féin chun rialú nó cumas duine nádúrtha nó gnóthais chun tionchar a imirt ar chinntí, lena

⁴ IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>.

n-áirítear cinntí airgeadais, de chuid gnóthais eile a shainaithint, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta tosca cáilíochtúla breise a chur san áireamh.

- (4) Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíochtaí a dhéanann gnóthais árachais nó atharachais faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta measúnú cuimsitheach a dhéanamh a dhíríonn ar chosaint sealbhóirí polasaí agus tairbhíthe agus ar chobhsaíocht airgeadais mhargadh an Bhallstáit óstaigh.
- (5) Is féidir le comhchruinnithe arda gníomhaíochtaí trasteorann a bheith ina léiriú go bhfuil gnóthais árachais nó atharachais ag brath go mór ar mhargadh an Bhallstáit óstaigh, rud a d'fhéadfadh rioscaí sistéamacha a chruthú. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta féachaint ar chomhchruinnithe ghníomhaíochtaí trasteorann an ghnóthais árachais nó atharachais a dhéantar i margadh an Bhallstáit óstaigh.
- (6) Le clistí gnóthas árachais agus atharachais a tharla le déanaí agus iad ag oibriú ar bhonn trasteorann, léiríodh gur gá d'údaráis mhaoirseachta a áirithiú go ndéanann na gnóthais sin na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú mar is ceart. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta breathnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí sin ar an margadh árachais agus ar na sealbhóirí polasaí agus tairbhíthe sa Bhallstát óstach. Ba cheart gráinneacht éagsúil ghníomhaíochtaí trasteorann an ghnóthais árachais nó atharachais lena mbaineann a mheas sa mheasúnú sin i gcomparáid le gníomhaíocht iomlán an ghnóthais sin nó le margadh árachais iomlán an Bhallstáit óstaigh, lena n-áirítear deighleoga sonracha, réimeanna gnó sonracha, rioscaí árachais sonracha nó cineál sonracha táirgí árachais.
- (7) Tairbhíonn sealbhóirí polasaí agus tairbhíthe d'infhaighteacht táirgí árachais malartacha ar féidir leo éilimh agus riachtanais chomhchosúla a chomhlíonadh. Cé gur féidir le dáileadh trasteorann táirgí árachais i margadh Ballstáit óstaigh raon na dtáirgí atá ar fáil a chomhlíonann éilimh agus riachtanais chomhchosúla a mhéadú, d'fhéadfadh sé é a laghdú freisin. D'fhéadfadh laghdú nó neamh-infhaighteacht táirgí inchomparáide malartacha a bheith ann go háirithe i gcás ina bhfuil buntáiste mór praghaí ag táirgí nó polasaithe trasteorann ar tháirgí iomaíocha nó i gcás ina bhfuil gnéithe táirge saincheaptha acu nach bhfuil ach ag líon beag táirgí eile nó nach bhfuil ag aon táirge eile. Is féidir le leibhéal níos ísle inionadaitheachta idir táirgí mar thoradh ar ghníomhaíocht trasteorann na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag cliseadh gnóthais trasteorann ar shealbhóirí polasaí agus ar thairbhíthe a ghéarú. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta breithniú a dhéanamh ar leibhéal na hinionadaitheachta agus ar an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann do shealbhóirí polasaí agus tairbhíthe i margadh an Bhallstáit óstaigh.
- (8) Leis na coinníollacha agus na critéir atá le húsáid ag údaráis mhaoirseachta agus cinneadh á dhéanamh acu cé acu gníomhaíochtaí de chuid gnóthas árachais nó atharachais atá ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh, ba cheart creat a sholáthar d'údarás mhaoirseachta an Bhallstáit óstaigh chun na gnóthais árachais nó atharachais sin a shainaithint. An tráth céanna, tá a sainiúlachtaí féin ag margaí árachais na mBallstát a mhéid a bhaineann le deighleoga sonracha, réimeanna gnó sonracha, rioscaí árachais sonracha nó cineál táirgí árachais sonracha. Dá bhrí sin, i bhfianaise na ndifríochtaí intreacha i measc na margaí árachais náisiúnta sin, is gá méid áirithe solúbthachta a fhágáil faoi údarás mhaoirseachta an Bhallstáit óstaigh chun a bhreithiúnas a úsáid laistigh de pharaiméadair na gcoinníollacha agus na gcritéir sin.

- (9) Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, is minic nach n-éiríonn leis na húdaráis mhaoirseachta ar fud an Aontais teacht ar chomhdhearcadh maidir le conas roinnt struchtúir ghrúpa shonracha a shainathint agus comhar maoirseachta éifeachtach a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhaineann le gnóthas árachais nó athárachais atá ag oibriú ar bhonn trasteorann. Le hAirteagal 152aa(2) agus Airteagal 212(5) de Threoir 2009/138/CE, tugtar sainordú don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh chun critéir a shonrú, faoi seach, chun a chinneadh cé na cásanna ina bhfuil an ghníomhaíocht trasteorann árachais nó athárachais ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh, agus chun tosca a shonrú chun grúpaí a shainathint. Is é is aidhm do na critéir sin feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhroinnt faisnéise idir na húdaráis mhaoirseachta óstacha agus baile, agus tacú le maoirseacht ghrúpa éifeachtach agus éifeachtúil. Trí chleachtais mhaoirseachta a chomhchuíbhíú agus discríd na n-údarás poiblí a leagan síos, téann na critéir sin chun tairbhe do chosaint sealbhóirí polasaí agus d'iomaíochas árachóirí agus athárachóirí na hEorpa araon. Is gá, dá bhrí sin, na caighdeáin theicniúla rialála sin a chuimsiú in aon Rialachán tarmligthe amháin.
- (10) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde faoi bhráid an Choimisiúin.
- (11) Reáchtáil an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Rialú nó cumas tionchar a imirt ar chinntí de chuid gnóthais

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil duine nádúrtha nó gnóthas in ann tionchar a imirt ar chinntí de chuid gnóthais eile dá dtagraítear in Airteagal 212(4), pointe (a), de Threoir 2009/138/CE, breithneoidh údaráis mhaoirseachta na cearta conarthacha seo a leanas:
 - (a) na cearta caipitil nó vótála a bhaineann le haon cheart conarthach, lena n-áirítear cearta féideartha vótála a eascraíonn as barántais, roghanna, ionstraimí in-chomhshóite nó conarthaí réamhcheaptha;
 - (b) aon socrú conarthach idir duine nádúrtha nó gnóthas a bhfuil amhras ann ina leith go bhfuil sé in ann tionchar a imirt ar chinntí an ghnóthais lena mbaineann agus sealbhóirí vóta nó eintitis eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chinntí sa ghnóthas lena mbaineann;
 - (c) cearta ballraíochta, i gcás inar gnóthas frithpháirteach nó gnóthas de chineál frithpháirteach é an gnóthas lena mbaineann;

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj>).

2. I gcás ina bhfuil na cearta conarthacha dá dtagraítear i mír 1 in easnamh, nó i gcás nach leor na cearta conarthacha sin iontu féin chun rialú nó cumas duine nádúrtha nó gnóthais chun tionchar a imirt ar chinntí, lena n-áirítear cinntí airgeadais, de chuid gnóthais eile a shainaithint, breithneoidh na húdaráis mhaoirseachta cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an rialú sin nó an cumas tionchar a imirt ar chinntí trí bhíthin na ngnéithe seo a leanas:
- (a) an cumas, gan beann ar aon cheart conarthach, lena n-áirítear trí na hionadaithe scairshealbhóirí céanna a bheith i láthair ag na tionóil ghinearálta nó trí bhíthin tograí comhpháirteacha le haghaidh cinntí ó na hionadaithe sin:
 - (i) tionchar a imirt ar an bpróiseas ainmniúcháin chun comhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistithe nó maoirseachta an ghnóthais lena mbaineann a thoghadh, lena n-áirítear seachvótálaithe a fháil ó shealbhóirí eile ceart vótála;
 - (ii) daoine a cheapadh nó a fhorhmeas, arb iad a reáchtálann go héifeachtach an gnóthas lena mbaineann nó arb iad atá freagrach as príomhfheidhmeanna, feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha;
 - (iii) tionchar a imirt ar an ngnóthas lena mbaineann idirbhearta suntasacha a dhéanamh nó aon athrú ar idirbhearta suntasacha a chrosadh;
 - (iv) tionchar a imirt ar athruithe ábhartha ar staid airgeadais agus sócmhainneachta nó ar shamhail ghnó an ghnóthais lena mbaineann;
 - (b) cé acu atá nó nach bhfuil na comhaltaí céanna ag comhlachtaí riaracháin, bainistithe nó maoirseachta na ngnóthas sin;
 - (c) maidir le comhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistithe nó maoirseachta an ghnóthais lena mbaineann, nó na daoine a reáchtálann an gnóthas sin go hiarbhair nó atá freagrach as príomhfheidhmeanna, feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha eile sa ghnóthas sin, cé acu atá nó nach bhfuil siad ina bpáirtithe gaolmhara leis an duine nádúrtha nó leis an ngnóthas a bhfuil amhras ann ina leith go bhfuil sé in ann tionchar a imirt ar chinntí an ghnóthais lena mbaineann, de réir bhrí Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 24 arna ghlacadh le Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún⁶, nó cé acu a dhéanann nó nach ndéanann siad an fheidhm chéanna sa ghnóthas eile a bhfuil amhras ann ina leith go bhfuil sé in ann tionchar a imirt ar chinntí an ghnóthais lena mbaineann;
 - (d) maidir le comhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistithe nó maoirseachta an ghnóthais lena mbaineann, nó na daoine a reáchtálann an gnóthas sin go hiarbhair, nó atá freagrach as príomhfheidhmeanna, feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha sa ghnóthas sin, cé acu atá nó nach bhfuil siad ina bhfostaithe reatha nó ina n-iarfhostaithe de chuid an duine nádúrtha nó d'aon eintiteas de ghrúpa an ghnóthais eile a bhfuil amhras ann ina leith go bhfuil sé in ann tionchar a imirt ar chinntí an ghnóthais lena mbaineann.

⁶ Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2023 lena nglactar caighdeán áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 26.9.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1803/oj>).

Airteagal 2

Spleáchas mór ar ghnóthas nó ar dhuine dlítheanach nó nádúrtha

1. Chun críocha Airteagal 212(4), pointe (b), de Threoir 2009/138/CE, measfar go gcomhfhreagraíonn aon cheann de na nithe seo a leanas d'idirbhearta airgeadais nó d'oibríochtaí airgeadais:
 - (a) cothromas, fodhliteanais;
 - (b) comhroinnt costas;
 - (c) socrú cánach;
 - (d) comhaontú maidir le haistriú fiachais;
 - (e) iasachtú urrús nó comhaontú athcheannaigh;
 - (f) iasachtaí nó socruithe maoiniúcháin eile;
 - (g) gealltanais lasmuigh den chlár comhardaithe nó comhaontú dlúthpháirtíochta;
 - (h) ráthaíochtaí maidir le cuid mhór d'oibleagáidí;
 - (i) comhaontú athárachais.
2. Chun críocha Airteagal 212(4), pointe (b), de Threoir 2009/138/CE, measfar go gcomhfhreagraíonn aon cheann de na nithe seo a leanas d'idirbhearta neamhairgeadais nó d'oibríochtaí neamhairgeadais:
 - (a) seachfhoinsiú príomhfheidhmeanna nó príomhghníomhaíochtaí oibríochtúla nó feidhmeanna nó gníomhaíochtaí criticiúla nó tábhachtacha;
 - (b) comhroinnt aon fheidhme nó gníomhaíochta teicniúla nó oibríochtúla, lena n-áirítear cruia-earraí nó bogearraí, córais faisnéise nó fostaithe;
 - (c) branda, praghsáil, láimhseáil éileamh, soláthraí seirbhíse, bealach dáileacháin, cumarsáid nó margaíocht a chomhroinnt;
 - (d) faisnéis theicniúil fhíor-riachtanach a sholáthar don ghnóthas lena mbaineann.

Airteagal 3

Cinntí airgeadais nó cinntí infheistíochta a chomhordú

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil fianaise ann ar chomhordú maidir le cinntí airgeadais nó cinntí infheistíochta idir dhá ghnóthas nó níos mó, dá dtagraítear in Airteagal 212(4), pointe (c), de Threoir 2009/138/CE, breithneoidh údaráis mhaoirseachta na gnéithe seo a leanas:
 - (a) comhlachtaí cinnteoireachta a bheith ann, lena n-áirítear coistí, ina n-oibríonn fostaithe ó na gnóthais sin le chéile agus ina ndéanann siad cinntí faoi straitéisí airgeadais nó infheistíochta grúpa, nó atá comhdhéanta de dhaoine arna n-ainmniú ag an ngrúpa;
 - (b) straitéisí infheistíochta comhchosúla nó neamhchosaintí riosca comhchosúla na ngnóthas sin a bheith ann;
 - (c) ionadaíocht chomhchosúil nó ionadaíocht chomhordaithe a bheith ann ar na gnóthais sin os comhair na n-údarás maoirseachta, agus aiseolas ó na gnóthais sin do na húdaráis mhaoirseachta, go háirithe i ndáil le straitéisí airgeadais nó straitéisí infheistíochta.

2. I gcás ina sainaithníonn na húdaráis mhaoirseachta dhá cheann ar a laghad de na gnéithe dá dtagraítear i mír 1, meastar an fhianaise ar chomhordú cinntí airgeadais nó cinntí infheistíochta a bheith comhlíonta.

Airteagal 4

Straitéisí, oibríochtaí nó próisis atá comhordaithe agus comhsheasmhach

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil fianaise ann ar straitéisí, oibríochtaí nó próisis atá comhordaithe agus comhsheasmhach idir dhá ghnóthas nó níos mó, dá dtagraítear in Airteagal 212(4), pointe (d), de Threoir 2009/138/CE, breithneoidh údaráis mhaoirseachta an ann d'aon cheart conarthach nó meabhrán nó airteagal comhlachais.
2. I gcás ina bhfuil na cearta conarthacha dá dtagraítear i mír 1 in easnamh, nó i gcás nach leor na cearta conarthacha sin iontu féin chun straitéisí, oibríochtaí nó próisis atá comhordaithe agus comhsheasmhach a shainaithint, breithneoidh na húdaráis mhaoirseachta freisin cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an comhordú sin trí bhíthin na ngnéithe seo a leanas:
 - (a) na straitéisí gnó céanna nó straitéisí gnó comhchosúla, praghsáil, láimhseáil éileamh, forchoimeád agus soláthraithe seirbhíse ábhartha;
 - (b) beartais chomhchosúla i ndáil le bainistiú riosca agus bainistiú caipitil, lena n-áirítear beartas comhchosúil comhordaithe maidir le híocaíocht díbhinne;
 - (c) córais chomhchosúla bainistithe riosca nó rialaithe inmheánaigh;
 - (d) socruithe comhchosúla seachfhoinsithe feidhmeanna nó gníomhaíochtaí árachais nó atharachais, nó soláthraithe seirbhíse a bhfuil dlúthnaisc acu leis na gnóthais sin;
 - (e) suíomh fisiciúil céanna le haghaidh na ceannoifige, nó eastát réadach comhroinnte;
 - (f) ionadaíocht chomhchosúil nó ionadaíocht chomhordaithe os comhair na n-údarás maoirseachta agus aiseolas comhchosúil nó aiseolas comhordaithe do na húdaráis mhaoirseachta.

Airteagal 5

Coinníollacha agus critéir chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí árachais agus atharachais trasteorann do mhargadh an Bhallstáit óstaigh

1. Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na ngníomhaíochtaí a dhéanann gnóthas árachais nó atharachais faoin gceart bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh i gcomhréir le hAirteagal 152aa(1), pointe (b), de Threoir 2009/138/CE, breithneoidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh sin na coinníollacha agus na critéir seo a leanas:
 - (a) cé acu atá nó nach bhfuil ngníomhaíochtaí an ghnóthais árachais nó atharachais comhchruinnithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - (i) sciar ghníomhaíochtaí an ghnóthais árachais nó atharachais sa Bhallstát óstach, arna thomhas mar ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn a chomhfhreagraíonn do na ngníomhaíochtaí a dhéanann an gnóthas sin sa

Bhallstát óstach sin, i gcomparáid le hioncam ollphréimhe iomlán bliantúil i scríbhinn an ghnóthais sin;

- (ii) an sciar den mhargadh atá i seilbh an ghnóthais árachais nó atharachais i margadh an Bhallstáit óstaigh, arna thomhas i dtéarmaí an mhargaidh árachais ina iomláine, nó an mhargaidh árachais agus atharachais saoil, nó an mhargaidh árachais agus atharachais neamhshaoil;
 - (b) cé acu atá nó nach bhfuil tionchar ábhartha ag na gníomhaíochtaí a dhéanann an gnóthas árachais nó atharachais ar aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (i) réimeanna sonracha gnó, rioscaí árachais nó táirgí árachais a mheasann údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh a bheith tábhachtach i ngeall ar shainiúlachtaí an mhargaidh árachais náisiúnta, lena n-áirítear árachas éigeantach;
 - (ii) cosaint sealbhóirí polasaí agus tairbhíthe sa Bhallstát óstach.
2. Chun críocha mhír 1, pointe (a)(ii), déanfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh an sciar den mhargadh dá dtagraítear sa mhír sin a thomhas mar cheann amháin nó mar an dá cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) i leith gníomhaíochtaí neamhshaoil an ghnóthais árachais nó atharachais, céatadán den ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí sin a dhéanann an gnóthas árachais nó atharachais sa Bhallstát óstach sin i gcomparáid le méid iomlán an ioncaim ollphréimhe bhliantúil i scríbhinn le haghaidh gníomhaíochtaí neamhshaoil i margadh árachais agus atharachais neamhshaoil an Bhallstáit óstaigh;
 - (b) i leith gníomhaíochtaí saoil an ghnóthais árachais nó atharachais, céatadán de na forálacha teicniúla comhlána nó den ioncam ollphréimhe bliantúil i scríbhinn a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí sin a dhéanann an gnóthas árachais nó atharachais sa Bhallstát óstach sin i gcomparáid leis na forálacha teicniúla comhlána, faoi seach, le méid iomlán an ioncaim ollphréimhe bhliantúil i scríbhinn le haghaidh gníomhaíochtaí saoil i margadh árachais agus atharachais saoil an Bhallstáit óstaigh.
3. Chun críocha mhír 1, pointe (b), déanfaidh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh measúnú ar ábharthacht an tionchair maidir leis na tosca seo a leanas:
- (a) an sciar den mhargadh atá ag réimeanna sonracha gnó, rioscaí árachais, nó táirgí árachais i margadh an Bhallstáit óstaigh;
 - (b) leibhéal na hionadaitheachta i margadh an Bhallstáit óstaigh, agus déanfar measúnú ar inionadaitheacht i gcomhréir leis na coinníollacha céanna a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 5(12) de Threoir 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷;
 - (c) an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann do shealbhóirí polasaí agus tairbhíthe i margadh an Bhallstáit óstaigh.

⁷ Treoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat le haghaidh gnóthais árachais agus atharachais a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2017/1129 (IO L, 2025/1, 8.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/1/oj>).

4. Chun críocha mhír 3, pointe (a), úsáidfídh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh aon chritéar cainníochtúil chun sciartha den mhargadh atá ag réimeanna sonracha gnó, rioscaí árachais nó táirgí árachais a chinneadh, lena n-áirítear na critéir seo a leanas:
- (a) leibhéal na bpréimheanna nó na bhforálacha teicniúla;
 - (b) an líon sealbhóirí polasaí nó daoine árachaithe;
 - (c) an líon polasaithe;
 - (d) an tsuim árachaithe;
 - (e) an líon feithiclí árachaithe.
5. Chun críocha mhír 3, pointe (c), úsáidfídh údarás maoirseachta an Bhallstáit óstaigh aon chritéar cainníochtúil nó cáilíochtúil chun an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann do shealbhóirí polasaí agus do thairbhíthe a chinneadh, lena n-áirítear:
- (a) cé acu atá nó nach bhfuil an líon gearán níos airde ná an meán;
 - (b) na rátaí coimisiúin;
 - (c) fás na hollphréimhe i scríbhinn sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Airteagal 6
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16.7.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN